Lochlannaibh gona mbuidhin dá gcoimhead. ^{* ff. in form;}

Dála na druinge do-chuaidh as ón gcoimbhliocht soin d'uaislibh 60
Muimhneach, triallaid don Mhumhain, 7 nochtaid a sgéala do
Chinnéide, 7 leis sin ollmhuightheair dá shluagh lé Cinnéide do
thóraidheacht Cheallacháin, mar atá sluagh do thír 7 sluagh do
mhuir, 7 do-rinne taoiseach ar an sluagh do bhí do thír do Dhonn-
chadh mhac Caoimh, rí an dá Fhear Moighe, 7 do ghabh Cinnéide 65
ag cor mheisnigh ann, agá mhaidheamh air go rabhadar aoin-rí
déag dá shinsearaibh i bhflaitheas Mumhan.

Do chuir Cinnéide fós deich gcéad do Dhál gCais leis, 7 triúr
taoiseach ós a gcionn, mar atá Cosgrach, Longhargán 7 Conghalach.

Do chuir Cinnéide fós chúig céad oile do Dhál gCais lé Síoda mhac 70
Síoda ó Chloinn Chuiléin ann, 7 chúig céad oile do Dhál gCais lé
Deaghaidh mhac Domhnaill, i n-éagmais a ndeachaidh do shluagh
ó shaor-chlannaibh oile Mumhan ann.

Do chuir an dara mór-shluagh do mhuir ann, 7 Fáilbhe Fionn,
rí Deasmhumhan, 'na thaoiseach orra. 75

Dála na sluagh do thír, triallaid as an Mumhain i gConnachtaibh,
7 do léigeadar sgeimhealta go Muaidh 7 go hIorras 7 go hUmhall, ^{* pl. of}
do thionól chreach go foslongphort Muimhneach. Agus ní cian do ^{specimheadle,}
do ^{shirmisting}
party?
E 2 ^{máer Noy} ^{Errio,}
in Co. Sligo. ^{Co. Mayo.} ^{the baronies of}
Murrisk & ^{Co. Mayo.}
Barrishoole, Co. Mayo.

bhádár isan bhfoslongphort, ag fuireach ris na creachaibh nó ris na
 80 sgeimhealtaibh, an tan do-chonnarcadar sluagh *deigh-eagair ag ^{*gen. as} teacht dá n-ionnsaighe, 7 fá hé a líon deich gcéad, 7 aon-óglaoch <sup>adv. well-
overaged</sup>
 'na réamh-thosach. Agus mar ráinig do láthair fiafruighis Donn-
 chadh mhac Caoimh cia hí an tsluagh-bhuidhean soin. <sup>a Munster race
settled in Mayo.</sup>

Dream do Mhuimhneachaibh iad, ar sé, mar atáid Gaileangaigh
 a Munster race settled in 85 7 Luighne do chloinn Taidhg mhic Céin mheic Oilealla Óluim, 7 fir
 M. Connacht. * Dhealbhna do shliocht Dealbhaoith mhic Cais mhic Conaill Each-
 luaith, atá ag tabhairt neirt a lámh libh-se, tré chommbáidh
 affecting partiality, bráithreasa, ré cor i n-aghaidh Dhanar, 7 ré buain Cheallacháin,
 ríogh Mumhan, díobh.

90 Agus is amhlaidh do bhádár an sluagh so, 7 chúig céad díobh
 do lucht sgiath 7 cloidheamh, 7 chúig céad 'na saighdeóiribh.
 Triallaid as sin i dTír Chonaill an sluagh Muimhneach 7 an fhui-
 reann soin táinig do chongnamh leó mar aon, 7 creachtar an tír leó.

aissig: restoration
 gently, softly 95 Tig Muircheartach mhac Arnalaigh d'iarraidh aissig na gcreach go
 *like seawings of the satisfaction? ie. whatever shd. he left over from the food supplies of the hosts.
 háiseach umhal ar Dhonnchadh mhac Caoimh, 7 adubhairt nach
 tiubhradh acht *fuidheall sásuighthe na sluagh dhó don chreich.
 Leis sin tréigis Muircheartach an sluagh, 7 cuiris teachta ós íseal go
 Cloinn Tuirgéis i nArd Macha, 'gá fhaisnéis dóibh an sluagh Mui-
 mhneach do bheith ag tóraidheacht Cheallacháin ré a bhuaín amach. <sup>*recovery
S. Pl.
iarla,
n. Pl.
iarlacha.</sup>

100 Dála Chloinne Tuirgéis, triallaid a hArd Macha, naonbhar iarladh
 gona sluagh Lochlannach, 7 Ceallachán 7 Donn Cuan i mbroid leó,
 go Dún Dealgan.

Iomthúsa shluagh Mumhan, triallaid go hArd Macha, 7 marbhaid
 a dtarla dhá gcóir do Lochlannaibh, 7 arna chlos arna mhárach
 x near them, within their reach. 105 dhóibh Sitric gona shluagh do dhol ré Ceallachán go Dún Dealgan,
 Cúir is often confused with comhair but it seems to be a different word.;
 Cf. ar a 110 triallaid 'na dtóraidheacht. Agus mar do mhothuigh Sitric iad ag
 teacht i ngar don bhaile, téid féin 7 a shluagh 'na longaibh, 7 Ceal-
 lachán 7 Donn Cuan leó, 7 tig an sluagh Muimhneach ar imeall na
 trágha ar a gcomhair, 7 iad ag agallmha Lochlannach. Agus leis <sup>*breaking
to the
horse's</sup>
 sin ad-chíd cabhlach mór ag toidheacht san chuan chuca, 7 tugadar
 Muimhnigh aithne gurab é Fáilbhe Fionn gona chabhlach do
 bhí ann. ^{recognized.}

* Descendants of Dealbhadh, from whom Dealbhna, Delvin, in Westmeath, & six other districts in Leath Chluain are named.

Triallais Fáilbhe gona chabhlach go réim-dhíreach i ndáil na Lochlannach, 7 tug ucht ar an luing 'na raibhe Tor 7 Sitric 7 Maghnus, 7 lingis ar bord luinge Shitric isteach, 7 dá chloidheamh iona dhá láimh, 7 gabhais ag gearradh na dtéad lé raibhe Ceallachán ceangailte don tseól-chrann leis an gcloidheamh do bhí 'na láimh chlí, gur sgaoil do Cheallachán, 7 gur léig ar chláraibh na luinge anuas é, 7 leis sin tug cloidheamh na láimhe clí do Cheallachán. Téid Cheallachán a luing Shitric i luing Fháilbhe, 7 anais Fáilbhe ag comhthuargain Lochlannach, gur marbhadh tré anfhorlann Lochlannach é, 7 gur bheanadar a cheann de.

in a straight course.

rope

on the deck of the ship.

overwhelming force.

Tig Fianghal, taoiseach dá mhuintir, 'na áit san choinbhliocht soin, 7 beiris go heasaontach ar bhrollach ar Shitric, 7 teilgis iad araon tar bordaibh luinge amach, go ndeachadar go grian 7 gur báthadh amhlaidh sin iad. Tig Séaghdha 7 Conall, dá thaoiseach oile, 7 beirid ar dhá bhráthair Shitric .i. Tor 7 Maghnus, 7 beirid tar bord na luinge amach iad, gur báthadh amhlaidh sin iad a gceathrar. Agus mar sin dá gach fuirinn oile do Ghaoidhealaibh, lingid ar Lochlannaibh, gur briseadh 7 gur bearnadh, gur marbhadh 7 gur míochóirigheadh léo iad, go nach téarnó dhíobh uatha acht beagán do-chuaidh tré luas a long as, 7 tigid féin 7 Ceallachán i dtír, arna fhóirithin a hanbhroid Lochlannach mar sin lé cródhacht 7 lé calmacht na Muimhneach.

seized & by the loss.

overboard = 128. grian: bottom (river etc) is mas. 7. grian

make a breach 130 in.

escaped of in. téarnó (for téarnóid) 14, 20.

Agus triallaid as sin don Mhumhain mar aon ré Ceallachán, gur gabh sé ceannas a chríche féin arís. Agus ré dtriall dóibh ó Áth Cliath don Mhumhain, do thogair Murchadh mhac Floinn, rí Laighean, cath do thabhairt dóibh tré mharbhadh na Lochlannach ag buain Cheallacháin amach, gidh eadh, ar bhfaigsin chródhachta 7 chalmachta na Muimhneach do léigeadar tharsa iad gan cath do thabhairt dóibh.

140

Iar dtilleadh iomorra do Cheallachán don Mhumhain, do mheas méad na hanbhroide do bhí ag Lochlannaibh ar an Mumhain, 7 do-rinne féin 7 uaisle na Muimhneach do chomhairle, ucht do thabhairt orra dá ndíbirt. Agus lingid ar dtús ar Luimneach, 7 marbhais Ceallachán 7 a shluagh chúig céad díobh, 7 tug a

determined

145

plunder
 mbráighde leis. Dá éis sin airgthear Corcach leis, 7 tug a mbráighde
 7 a maoin leis. Airgthear fós Caiseal leis, 7 marbthar trí chéad
 do Lochlannaibh ann. Téid as sin go Port Láirge, 7 gabthar an
route 150 baile 7 airgthear leis é, 7 tug maídhm mór ar Shitric mhac Íomhair,
 7 marbhais chúig céad dá mhuintir, 7 teithis Sitric féin 'na luingeas,
 7 fillis Ceallachán go Domhnall Ó bhFaoláin, rí na nDéise, 7 tug
 a shiúr féin, Gormlaith inghean Bhuadhacháin, 'na mnaoi dhó.

*Ó in apposition
 to Domhnall,
 acc. after go,
 to, & likes.*
 of xxx, 36, 139.

27. MAR DO GHABH BRIAN BÓRAIMHE FLAITHEAS ÉIREANN

northern half of Ireland.
 THAIRIS sin, arna mheas d'uaislibh Leithe Mogha 7 d'urmhór ^{duadh,}
 Chonnacht gurab é Brian mhac Cinnéide do bhí ag fagháil duaidh ^{duadh,}
 7 doghrainge ré d'fírt Lochlannach a hÉirinn, 7 go dtug ^{duadh,} Maoil-
 Seachlainn, dobudh rí ar Éirinn an tan soin, é féin do shádháile 7 do ^{duadh,}
 sheasgaireacht 7 do shuaimhneas, ^{duadh,} inneall fá héadtarbhach ré ^{duadh,}
 cosnamh nÉireann an tráth soin, uime sin is í comhairle do cinneadh
 lé Brian 7 leis na huaislibh do bhí 'na fhochair, teachta do chor
 uaidh go Maoil-Seachlainn .i. rí Éireann, dá nochtadh dhó nárbh
 oircheas do neoch flaitheas Éireann do ghabháil, acht ^{duadh,} an tí do
 chreanfadh é féin ré tafann eachtrann as an gcrích, 7 ós é Brian do
 bhí ag fagháil duaidh a ndíbeartha, gur dhlighteach dhó flaitheas
 Éireann d'fhagháil trésan gcrích d'fhóirithin a hanbhroid allmhar-
 dhach. Iarraid fós ar an rígh ^{duadh,} coinne do fhreagra/dhóibh ag Moigh
 Da Chaomhóg, 7 níor aontuigh sin. ^{duadh,} *o. v. 20, 2.* ^{duadh,} *captivity*

foreigner;
allmharda, foreign
transmarine &
all (cf. thall, small)
 15 Dá éis sin do chuir Brian mhac Cinnéide cruinniughadh 7
 coimhthionól ar uaislibh Leithe Mogha uile, idir Lochlannaibh
 7 Gaoidhealaibh, go haon-láthair—óir fá héigeán don mhéid do
 Lochlannchaibh do bhí i Leith Mogha bheith umhal dó fán am
 soin—7 triallais Brian léo go Teamhraigh na Ríogh.

20 Leis sin iomorra cuiris teachta uaidh go Maoil-Seachlainn, fá rí
 Éireann, 'gá iarraidh air bráighde do chor chuige fá bheith umhal
 urramach mar rígh nÉireann dó féin, nó cath do fhreagra dhó.

*to meet him in
 battle*
 * O. Pr. Mael Sechnaill, 'votary of Sechnaill'. In such names mael, 'a
 short-cropped head of hair' was originally fem., gen maile or máile, but as
 applied to men it became masc., and aspirated in gen. mail. From being
 used in the weak unstressed position it early lost its declension, & in the
 1755. Maoilseachlainn or Maolseachlainn is used for all cases. In the modern period
 it has been further shortened to M'eachlainn (Maolseachlainn) or
 eachlainn.

Gidh eadh, tug Brian a rogha do Mhaoil-Sheachlainn díobh. Dob é freagra Mhaoil-Sheachlainn ar na teachtaibh, dá bhfaghadh cairde míosa ó Bhrian ré coimhthionól Leithe Cuinn chuige go haon-²⁵ láthair, go dtiubhradh cath nó géill do Bhrian, ^{*}do ghabh coimirce ag na teachtaibh, gan a léigean do Bhrian an Mhidhe d'ionradh ná

blundering, in a single, a single, spoils,
 dh'argain, acht anmhain i dTeamhraigh ar feadh na míosa sóin,
 7 an tan do-ghéabhadh freagra ó Leith Cuinn, go dtiubhradh féin cath nó bráighde dhó. Fillid na teachta tar a n-ais go Brian, 7 ³⁰ nochtaid freagra Mhaoil-Sheachlainn orra.

Más eadh, ar Brian, do-bheirim-se an chairde sin dóibh.

Acht cheana, is í comhairle ar ar cinneadh lé Maoil-Seachlainn, Giolla Comhghaill Ó Sléibhín, a ollamh féin, do chor ar ceann Aodha Uí Néill, ríogh Oiligh, 7 Eochaidh mhic Ardghail, ríogh Uladh, 7 ³⁵ Cathail Uí Chonchubhair, ríogh Connacht, 'gá iarraidh orra toidheacht gan fluireach ^{*}do fhreastal chatha leis féin i n-aghaidh Bhriain 7 Dál gCais, 7 muna dtigís sin uile do chosnamh shaoirse Teamhrach dá gcineadh féin, atá 'na seilbh ré cian d'aimsir, go dtiobhradh féin bráighde do Bhrian fá bheith umhal dó, do bhrígh nach raibhe féin ionchomhlainn ris—Agus is fíor, ar Maoil-Seachlainn, nach mó do náire dhamh-sa gan Teamhair do chosnamh, ioná do Chlannaibh Néill ^{*}do shluaghaibh Leithe Cuinn ar-cheana.

Triallais an t-ollamh leis na sgéalaibh sin ó Mhaoil-Sheachlainn go huaislibh Leithe Cuinn, 7 nochtais a thurus 7 a thoisg dhóibh. ⁴⁵ Gidh eadh, is é freagra tug Aodh Ó Néill air:—

An tan do bhí Teamhair ag Cinéal Eóghain, ar sé, do chosnadar féin í, 7 an té agá bhfuil sí anois, ^{*}seasuigheadh a saoirse. Agus adubhairt fós nach cuirfeadh féin Dál gCais i bhfalaidh ris ag cosnamh ríge do neoch oile. Táinig an t-ollamh tar a ais go Maoil-Seachlainn, 7 nochtais freagra Aodha Uí Néill dó. Acht cheana, téid Maoil-Seachlainn féin d'ionnsaighe Aodha, 7 gabhais agá ghuidhe um theacht leis do chor chatha i n-aghaidh Dhál gCais, 7 adubhairt ris:—

Cosain Teamhair dhuit féin, ar sé, 7 do-bhéar-sa bráighde dhuit ⁵⁵ fá Theamhair do léigean chugat, óir is fearr liom ionás a beith ag

descendants, Éogan, the, all, O'Connell, the, the, Berry, names, original.
 * 'than (is) its being' = 'than that Brian should have it'. ionás, O. Pr. indaas, here keeps the rel. ending of 3 sg. pres. ind.; it contains the vb. tá. Before plural nouns Keating still uses ionáid, but other distinctions of persons, number & tense had long been lost, and the usual form was ioná or ná.

** he pledged the sways, invading, harrying*

** to, to battle*

** to do battle*

40 able to fight against

** for the rest of the hosts of health Chiuin need object, purpose.*

** let him maintain.*

relig. race, toward.

50

**Must submit*

Brian. Thairis sin muna dteaga tusa liom,^{Pras. July. 3.} caithfead umhla do Bhrian, ó nach fuilim ionchomhraig ris.

Cuiris Aodh Ó Néill cruinniughadh 7 coimhthionól ar Cinéal 60 nEóghain go haon-láthair chuige, 7 nochtais dóibh turus Mhaoil-Sheachlainn dá n-ionnsaighe, 7 na tairgseana thug dó féin tré dhol leis do chor chatha i n-aghaidh Bhriain 7 Dál gCais: Do fhreagairsead Cinéal Eóghain dó, 7 is eadh adubhradar, nach raibhe acht cealg i ngealladh Mhaoil-Sheachlainn dó:—

65 Óir is dearbh leis gurab sine 7 gurab fearr é féin ioná thusa, 7 uime sin nach iarrfá flaitheas nÉireann air féin feadh a ré. Gidh eadh, ar siad, dobudh maith leis sinne 7 tusa do dhol leis do fhreastal chatha dhó i n-aghaidh Dhál gCais.

**Concerning that matter = fán dáil sin, 16, 24.*

Thairis sin do ráidh Aodh riú dol do chinneadh chomhairle 70 eatorra féin fán gcúis sin, 7 freagra maith do thabhairt ar Mhaoil-Seachlainn—Ionnus, ar sé, nach budh ^{*nain} dortadh flaitheas dúinn a ³ thurus chugainn. *socialty*

**conference*

Do-chuadar iomorra Cinéal Eóghain i ^{*gcogar} 7 i gcomhairle eatorra féin fán gcúis sin, 7 is eadh do measadh leo, dá dtéighdís féin do chor chatha i n-aghaidh Dhál gCais, nár chosmhail ^{*a} bheag díobh do thilleadh tar a n-ais ón gcathughadh soin. Ar an adhbhar soin adubhradar ^{*nár} bh fholáir leo sochar d'fhagháil dá gceoinn tar a n-éis:—

**any of them*

**They felt bound to secure some benefit. O. J. f. w. oil, excessive! Hence n. f. dan (It is not too much for me? it's must, I am bound to? Cf. n. mór dan.*

Óir ní bhiadh ar súil-ne ré sochar ná ré somhainn ^{f. niche} ^{1 Pl. Past July.} dár rochtain 80 féin, ar siad, dá ndeachmaois do chathughadh ré Dál gCais .i. an cineadh is cródha 7 is calma i gcath-láithribh; 7 an cineadh fós nár theith ré Lochlannaibh riamh, is deimhin nach teithfidís ro-mhainne ^{*acht} mar sin. ^{*Éithe}

Uime sin is í comhairle ar ar cinneadh leo, leath na Midhe 7 85 fhearainn na Teamrach d'fhagháil ó Mhaoil-Sheachlainn dóibh féin 7 dá sliocht 'na ndiaidh, tré theacht leis san gcomhdháil sin, 7 nochtaid do Mhaoil-Sheachlainn gurab í sin comhairle ar ar chinnsead.

Arna chlos sin do Mhaoil-Sheachlainn gabhais fearg mhór é, 7 do 90 diomdha, imthigh uatha fá dhíomhdhaidh dá thoiogh, 7 cuiris cruinniughadh f. Jan.-dk, displeasure, indignation.

the descendants of Colmán son of Diarmuid mhac Fearghusa Ceirbhleoil, later the Uí Thairneallainn, of Westmeath

ar Chloinn Cholmáin chuige, 7 innisís freagra Aodha Uí Néill 7 Chinéil Eóghain dóibh. Acht cheana, is í comhairle do-rónsad uime sin, Maoil-Seachlainn do dhol ar a aghaidh go teach mBriain, mar a raibhe í bhfoslóngphort í dTeamhraigh ré mí roimhe sin, 7 fir Mhidhe 'gá bhíathadh ann.

in encampment, siege.

Triallais iomorra Maoil-Seachlainn go Teamhraigh, 7 dá fhichid déag marcach 'na fhochair, gur thuirling ar faithche na Teamhrach amblaidh sin, 7 téid do láthair gan chor gan choimirce go teach mBriain, ar oineach Bhriain féin 7 Dál gCais, 7 do innis a sgéala ó thús go deireadh do Bhriain, 7 adubhairt dá mbeith féin ionbhualte ré Brian gomadh cath do-bhéaradh dhó, 7 ó nach raibhe, gur do thabhairt bhráighde 7 ghiall dó tháinig an tráth soin. Arna chlos sin do Bhriain is eadh adubhairt:—

95 descend, dismount.

* without surety or safeguard!

339 first subj. 100

* Ó tháingais im theach-sa gan chor gan choimirce, do-bheirim cairde bliadhna dhuit gan géill ná bráighde d'iarraidh ort, 7 rachad-sa féin d'fhios na druinge sin budh thuaidh .i. Aodh Ó Néill Eochaidh mhac Ardghail, rí Uladh, go bhfeasainn gá freagra do-bhéaraid oram, 7 madh cath do-bhéaraid damh, ná cuir-se im aghaidh léo. * do not then oppose us

* To come to a man's house was a technical expⁿ.

105 far to do homage to him, acknowledged him as liege lord.

Geallais Maoil-Seachlainn nach cuirfeadh, 7 adubhairt nárbh í a chomhairle féin do Bhriain dol budh thuaidh an tráth soin, acht gurbh fhearr dhó dol dá thoigh go ham oile—Óir is lór dhuit mise do ghiall duit don turus so. * his time

110

Do cinneadh ar an gcomhairle sin léo, 7 fá maith ré Dál gCais é, do bhrígh go rabhadar i ndeireadh a lóin do chaitheamh. Agus ar mbeith ag tilleadh tar a ais do Bhriain, do bhronn sé dá fhichid déag each do Mhaoil-Sheachlainn, mar aon ré hiomad óir 7 airgid do dháil dá mhuintir.

115

I gcionn bhliadhna iar sin do cruinnigheadh 7 do coimhthionóil-eadh mór-shluagh Leithe Mogha uile idir Ghaoidhealaibh 7 Lochlannaibh lé Brian mhac Cinnéide. Tángadar ann Lochlannaigh Átha Cliath 7 Phuirt Láirge 7 Locha Garman 7 Ó nEachach Mumhan, Chorca Luighdheach 7 Uíbh gCinnsealaigh, 7 triallais B Prian leis an mór-shluagh sin go háth Luain, go dtugadar uaisle

Ó nEachach is reg. gen. of Uí Eachach lit. 'the descendants of 120 Eochu' but in Uíbh gCinnéide. the dat. pl. is used for gen. & Celtic pl. like gen. Plural names often become stereotyped in the dat.

† The meaning of this is clear from a passage in 'Ceithreim Thoirdhealbhaigh', quoted by O'Donovan Misc. Celt. Soc. pp. 177-8: 'It was a custom of old when any king of a triacha ched or province took a gift or wages from another ruler, that with the wage he undertook submission & service, yielding to him est to his lord'. According to 'Cogadh Gadhel na gDaibhí' Mael Sechlainn's men refused to lead the steeds, Mael Sechlainn bestowed them upon Brian's son Murchad.

concur

620, 4. 3rd subj. 2d subj.

B

125 Connacht bráighde uatha fá bheith umhal mar aird-rígh dhó. Cuiris iomorra Brian teachta go Maoil-Seachlainn dá iarraidh air bráighde do chor chuige go hÁth Luain, 7 táinig Maoil-Seachlainn féin do thabhairt ghiall 7 bhráighdeadh dhó.

* (= bráighde, l. 102), see p. 102.
of harágha or bráighde

Is ann sin iomorra do-rónadh mór-shluagh ^xfhear Mumhan 7 Chonnacht 7 Laighean 7 fhear Midhe lé Brian, 7 téid leo go Dún-Dealgan, gur gabhadh gialla 7 bráighde Uladh uile leis.

x the inter-
of the gen-
from the
is aspirate
because the
proper name

x Bórainhe or Bórainha is a place-name in Gu. Gg.
Bórainhe, (cattle)-tribute

130 Agus is mar sin do ghabh Brian ^xBórainhe ríoghdhacht nÉireann, lé calmacht 7 lé cródhacht a ghníomh goile 7 gaisgidh, ag ionnarbadh eachtrann 7 Danar as an gcrích, 7 ní go cealgach amhail adeirid drong oile.

Danair, the Danes

cf. cattle-counting, cf. ríomh; then used to denote a place where the cattle-tribute was collected & being

135 Óir ní hé an mac i n-áit an athar fá gnáth ag gabháil fhlaithéasa Éireann, mar is follus as an stair anuas go ró so, acht an tí fá mó oirbheart 7 árrachtas gníomh, is dó do léigthí flaitheas Éireann. Agus do bhrígh gurab é Brian fá mó oirbheart 'na aimsir féin d'Éireannchaibh, do thoghadar urmhór uaisle Éireann ré ceannas na críche do ghabháil é, 7 an mhéid díobh nár aontuigh

Craveny night.

cf. Mugh fhuachaimhe. x neg. of déoin, still commonly written, but the form actually pronounced is aineoín, from the Mid-Gr. by-form aindeoín.

140 flaitheas Éireann dá rochtain, fá héigean dóibh gialladh dhó dá n-aimhdheoín, 7 fá héigean do Mhaoil-Sheachlainn flaitheas Éireann do thréigeadh, 7 a léigeadh do Bhrian amhail adubhramar.

28. FÁTH CATHA CLUANA TARBH

AR mbeith do Bhrian Bhórainhe gan imreasan gan easaonta 'na chomhnaidhe i gCeann Choradh, athchuinghis ar rígh Laighean .i. Maol Mórdha mhac Murchadha, trí seól-chrainn d'fhiodhbhaidh álainn a Fíogh Gaibhle do chor chuige. Do beanadh na seól-chrainn lé rígh Laighean, 7 triallais féin leo go Ceann Choradh, mar a raibhe Brian an tráth soin, 7 tug fá-deara ar Uíbh Fáilghe, seól-chrann díobh d'iomchar, 7 seól-chrann oile ar Uíbh Faoláin, 7 an treas seól-chrann ar Uíbh Muireadhaigh, go dtarla iomarbháigh chainte eatorra ag dul i n-aghaidh Sléibhe an Bhogaigh. Agus leis sin téid rí Laighean féin fá sheól-chrann Ó bhFaoláin, 7 ionar sróill tug Brian dó roimhe sin uime, 7 corthair óir 'na

Kincora, near Killelog, Co. Clare
Fogzile, in King's Co.
or ruling families
of Offaly, in part of Kildare, King's & Queen's Cos.
& the ruling kindred of K. Kildare.

request
was to
G. Maben
Kildare
in N.
Kildare

tunic

10 sróill m. satin.
7 corthair óir 'na

bringe, border.

* it is uncertain whether this is a place-name or the 'slope (or moorland) of the bog'. The GJ version has 'i n-aghaidh aoidhe i gCoill Fhailghe'.

thimcheall 7 cnaipe airgid ann, 7 ré méad an fheadhma do chuireadh
 rí Laighean air féin fán seól-chrann, do bhris an cnaipe do bhí 'na
 bhrat. Agus ar rochtain dóibh go Ceann Choradh, cuiris rí Laighean
 a ionar dhe, 7 tug dá shiair, do Ghormlaith inghin Mhurchadha 15
 (.i. bain-chéile Bhriain) an t-ionar, do chor cnaipe ann. Do
 ghlac an ríoghan an t-ionar, 7 tug urchar dhe san teinidh do bhí
 'na fiadhnaise, 7 do ghabh ag iomcháineadh ar a dearbhráthair
 tré bheith fá mhoghsaine, nó fá dhaoirse, do neoch san domhan—
 An ní, ar sí, nár fhaomh th'athair ná do shean-athair. Agus do 20

effort

casting, hurling
reproaching

consent to

Acht cheana fá cumhain lé Maol Mórdha comhrádh na ríoghna.
 Agus tarla do Mhurchadh mhac Briain 7 do Chonaing* mhac Duinn
 Chuan bheith ag imirt fithchle arna mhárach—nó do réir dhruinge
 oile, is é comharba Caoimhghin Ghlinne dá Loch do bhí ag imirt 25
 ré Murchadh. Gabhais Maol Mórdha .i. rí Laighean ag teagasg ar
 Mhurchadh, 7 do theagaisg* beirt dia rugadh cluiche air.

Is tú thug comhairle do Lochlannaibh* dár briseadh dhíobh i
 gcath Ghlinne Máma, ar Murchadh.

Má thugas comhairle dhóibh dár briseadh dhíobh ann sin, ar 30
 Maol Mórdha, do-bhéar comhairle oile dhóibh lé mbrisfid siad
 ort-sa arís.

* A shlán-sin fúthaibh! ar Murchadh.

Fá feargach Maol Mórdha dhe sin, 7 téid dá thoigh leaptha, go
 nach fríoth uaidh dol san teach n-óla an oidhche sin, 7 do imthigh 35
 i mocha na maidne arna mhárach gan cheileabhradh do Bhrian.

Arna chlos iomorra do Bhrian gur fhágaibh rí Laighean an
 longphort gan cheileabhradh dhó féin, cuiris giolla gráda dá
 mhuintir dá fhaistódh, go dtugadh féin tuarastal 7 tabhartas dó.

Is ann rug an giolla air, i gcionn chlár Chille Dhá Lua, don leith 40
 thoir don tSionainn, 7 é ag dol ar a each, 7 nochtais an giolla
 a theachtaireacht ó Bhrian dó. Iompuidhis Maol Mórdha .i. rí
 Laighean, ar an ngiolla, 7 buailis trí bhuille don tslait iubhair do
 bhí 'na láimh air, gur bhris cnámha a chloiginn, gurab ar iomchar
 rugadh go teach Briain é. Cogarán ainm an ghiolla, 7 is uaidh 45

* a move by which a game
was won against him;
beirt is old
acc. of beirt.* if I gave?
supposing I
did give?I defy them to do that lit. the defiance of that
at them

grade, degree

O.V. 20, 2.

* at the end
of the plank
bridge, & J
has i gcionn
droichid

* his father Donn Cuan was a brother of Brian. In the next line or
 according to others it was the successor of Caoimhghin, refers probably to
 Conaing Ua Cearbhaill, airchinneach Ghlinne dá Loch, who died in

atáid Uí Chogaráin san Mumhain. Do sanntuigheadh lé fuirinn do theaghlach Chinn Choradh rí Laighean do leanmhain, 7 gan a léigeadh go Laighnibh^x gomadh riarach ó Bhrian é. Acht cheana do ráidh Brian nach léamhthaoi feall do dhéanamh 'na thigh féin 50 air—Gidh eadh, ar sé, is do cholbha a thighe féin iarrfaidhear cóir air.

*til he shd. he
pelt missive to Brian
taking near or
negotiation from
Brian. his
reading was
near ach do.*

*o Cond.
Pass. to
Lamhain
dare.*

post, door-post

*o dishonour
x insulting words
dit. reproach of
word.*

*Commence, join, agree,
settle
x enough to fight a
battle
o whom he allowed
Wexford*

*x commerce
x now tiorthaibh*

*x at Clontarf in
Magh nEalla*

*x to challenge
him.*

Triallais Maol Mórdha rí Laighean dá dhúthaigh féin, 7 cuiris cruinniughadh 7 coimhthionól ar mhaithibh Laighean chuige, 7 innisís dóibh míochádhás 7^x aithis bhréithre d'fhagháil dó féin 55 7 dá chóigeadh uile i gCeann Choradh. Uime sin is í comhairle ar ar cinneadh aca, iompódh ar Bhrian, iad féin 7 neart Lochlannach, gur commóradh cath Cluana Tarbh eatorra. Agus do bhrígh nár fhágaibh Brian^x líon catha do chor do Lochlannaibh i nÉirinn, acht an dream dá dtug fulang bheith ar seilbh cheannaigheachta i nÁth Cliath, i Loch Garman, i bPort Láirge, i gCorcaigh, 7 i Luimneach, ré trácht ceannaigheachta do tharraing a tíribh oile go hÉirinn, is í comhairle ar ar cinneadh lé rígh Laighean, fios do chor go rígh Lochlann, d'iarraidh neirt sluagh air ré freastal catha do Bhrian ar Moigh nEalta i gCluain Tarbh. 65 Agus ar rochtain sgéal go rígh Lochlann, cuiris a dhias mac, *Carolus Cnutus* 7 *Andreas*, mar aon ré dhá mhíle dhéag do shluagh Lochlannach, do chongnamh ré rígh Laighean do chor chatha Chluana Tarbh, 7 ar rochtain i dtír i nÁth Cliath dhóibh, do chuir rí Laighean sgéala go Brian^x d'fhógra catha Cluana Tarbh do chor 70 ris air.

Waterford

*Co. Dublin north of the
hiffey.*

29. FILLEADH Ó FHINE GHALL

*The Return from
Finn Gall.*

AR dtabhairt iomorra chatha Chluana Tarbh, 7 ar marbhadh Bhriain 7 Mhurchaidh, 7 iomaid do Ghaoidhealaibh mar aon riú, 7 iar mbriseadh do Lochlannaibh 7 do Laighnibh, 7 ar marbhadh a n-urmhóir san chath soin, 7 ar dtriall do Dhál gCais 7 do shliocht 5 Fhiachaidh Muilleathain, an mhéid do mhair tar éis an chatha soin, tar a n-ais go Mullach Mhaistean, is ann sin do-rónsad sliocht

*riding race of
Thomond.*

*Mullagmast,
Co. Kildare.*

** (cf. XI, 10; XXV, 34; XXVI, 11), son of Eoghán Mór, legendary ancestor of the Eoghanechta of Cashel, who ruled Munster for 500 years. Their power was broken at Bealach Ughna in 908, but they still regarded Brian & the Dál gCais as usurpers. According to Keating Clann Charthaigh & Siol Shilleabháin are descended from Fhiachaidh Muilleathan.*

* wna f. surely
other m. sick or wounded man.

29. FILLEADH Ó FHINE GHALL

Fhiachaidh sluagh ar leith dhíobh féin, 7 do sgarsad ré Dál gCais, *weak in numbers.*
 7 do cinneadh comhairle aca, ó frioth Dál gCais i n-uathadh sluagh *lit. in weakness of*
 7 sochaidhe, teachta do chor go Donnchadh mhac Briain, 7 géill *words.*
 d'iarraidh air, 7 a nochtadh dhó go rabhadar géill uatha-san agá 10
 athair 7 ag bráthair a athar, 7 adubhradar gurab dóibh féin budh *cf. 25, 33.*
 cóir ríge Mumhan* gach ré bhfeacht* *alternately, every other time. Here ré is not a prep.*
 Ní dá**bar** ndeóin do bhí sibh ag athair ná ag bráthair dhamh-sa, ar *but stands for. O. Br.*
 Donnchadh, acht iad féin do bhean umhla dá**bar** n-aimhdeóin *La = aha, the*
 díbh, 7 d'fhearaibh Éireann maílle ribh. *proclitic form of*
 Agus adubhairt Donnchadh nach tiubhradh géill ná *oile, Mod. oile eile*
 *urraidhe *The wds. are 'in'*
 dhóibh-sean ná do neoch oile, 7 do ráidh dá mbeith* coimhlíonadh *Dec. hence eclipsis*
 catha dhóibh-sean aige, nach léigfeadh uaidh iad gan géill ré ** enough men to*
 bheith umhal dó féin, amhail do bhádar dá athair. *fight them*

with your
oulsut
L: a
ommon
open
wsp. do
or de
then
closed
ing
in ch
or
har.

Ar gclos an sgeóil sin do shluagh Deasmhumhan, do éirgheadar 20
 go hathlamh obann, 7 do ghabhsad a n-arma, 7 tángadar do *old plur of arma*
 thabhairt chatha do Dhál gCais. Do ráidh Donnchadh mhac *which was used.*
 Briain an tan soim ré a mhuintir a n-othair do chor isteach i Ráith *m. plur. arma,*
 Mhaistean, 7 trian an tsluaigh 'gá gcoimhead—Agus *l. 69.*
 *freagradh, *attack of; cf. l. 49.*
 ar sé, an dá trian oile cath don lucht úd. *25*
 *Gidh eadh, ní rabhadar Dál gCais acht aoin-mhíle amháin *the Balcassians*
 d'fhuidheall áir an tan sin, 7 do bhádar Deasmhumhain trí mhíle *numbered only a*
 do shluagh. Ó'd-chualadar na hothair an comhrádh sin Donnchaidh, *thousand warriors*
 do éirgheadar go héasgaidh, 7 do chuirsead caonnach 'na genea- *of the slaughter,*
 dhaibh 7 'na gcréachtaibh, 7 do ghabhsad a n-arma 'na lámhaibh, 30 *while the men of*
 7 dob í a gcomhairle an cath do thabhairt. Ó'd-chonncadar sliocht *Desmond were*
 Fhiachaidh Muilleathain an meisneach soim do ghabh Dál gCais, *3000 strong.*
 idir shlán 7 easlán,* do sochtadh leó fán geath do thabhairt, 7 ** they said no*
 triallaid rompa dá dtightheibh gan géill d'fhagháil ó Dhál *more.*
 gCais.

max.
ca
spirated
entirely
ilani
in old
sent.
ross

barrow
with

Iomthúsa Dhál gCais, triallaid rompa as sin go háth I, ar brú *35*
 Bhear**ba**, 7 *Atty, Co. Kildare*
 *cromaíde ar uisge dh'ól ann. Do bhí Donnchadh Mhac ** they begin*
 Giolla Phádraig, rí Osraighe,* ar a gcionn ann sin go líon a shluagh ** before them,*
 7 a thionóil .i. Laighin 7 Osraighe, ar Moigh Chloinne Ceallaigh, *waiting for them.*
 7 *with* coimhead uaidh ar Dhál gCais, gá slighe i ngéabhdais, ar mhéad *40*
 3PL. Cond.
 of Galbaire

a plain west of Atty in Leix.

Cliffs : 39. Fut. Ind., dependent form.
Shuair : 39. Pres. Subj.

sgunradh : in a surprise,
fright, terror, confusion,
panic, dispersion

s. of fala, & lenity a fhaladh riú. Óir is é Brian do cheangail 7 do chuibhriugh athair
Dhonnchaidh, 7 do bhí bliadhain i gcuibhreach aige, 7 do creachadh
7 do fásuigheadh Osraighe uile 7 do marbhadh iomad dá ndaoineibh
leis. Uime sin do chuimhnigh Mac Giolla Phádraig an fhalaidh
45 do Dhál gCais, 7 do chuir teachta uaidh go hÁth Í dá n-ionnsaighe,
*for letting them go 'gá iarraidh orra bráighde do chor chuige, *tréna léigean as an áit
sin thairis. Gidh eadh, fá hé freagra Dhonnchaidh mheic Briain ar
na teachtaibh, nach tiubhradh bráighde dhóibh.

Más eadh, ar na teachta, caithfidhe cath do fhreagra do Mhac
50 Giolla Phádraig. ^{29. Fut. Ind. Act. ye will have to, (Cond. Pass. do caithfidhe,}
Do-ghéabhaidh sé cath, ar Donnchadh, 7 is truagh nach é an ^{fulfill}
bás fuair ar n-athair fuaramair-ne, sul ráinig do léan orainn iad-san
d'iarraidh giall orainn. *before such a misfortune overtook us as that they slip.
Aduhrradar na teachta ris gan fearg do bheith air, 7 nach raibhe ^{demand hostages of us. do-de. Subject of raibhe is clause}
55 líon catha do thabhairt do Mhac Giolla Phádraig. ^{adba. orainn}

reproach, blame
*I would have
your tongues
speaked out
if my army
consisted of only
one servant.
Acht dámadh gnáth aithbhear a dteachtaireachta do thabhairt
ar theachtaibh ar bioth, ar Donnchadh, *do beanfaidhe bhar
dteangtha as bhar gceannaibh agam-sa. Óir ⁸gion go mbeinn-se
60 comhraig do Mhac Giolla Phádraig 7 d'Osraighibh. ^{host, now sochraid from al}

Is ann sin do orduigh Donnchadh mhac Briain trian an tsluigh
do choimhead a n-othar, 7 an dá dtrian oile do fhreastal an chatha.
Ó'd-chualadar na hothair sin do éirgheadar go hobann, gur briseadh
ar a gneadhhaibh 7 ar a gcréachtaibh, gur líonsad do chaonnach
65 iad, 7 do ghabhsad a sleagha 7 a gcloidhmhe, 7 tángadar i measg
cháich amhlaidh sin 7 aduhrradar ré mac Briain daoiné do chor
fá choill, 7 cuailleadha coimhneartmhara do thabhairt leó, 7 a
sáthadh san talmhain—Agus ceangailtear sinn ré a n-ais, ar siad,
7 tugthar ar n-airm ionar lámhaibh, 7 curthar ar meic 7 ar mbráithre

70 mar aon rinn .i. dias d'fhearaibh slána i dtimcheall an fhir ghonta
againn, ionnus gurab díochraide ar bhfeidhm lé chéile sin. Óir ní
léigfe an náire don fhior shlán gluasacht, nó go ngluaise an fear
gonta ceangailte againn. ^{wonder; now machtnadh the more correct}

Do-rónadh leó amhlaidh sin, 7 ba machtnadh meanman 7 ba
* An extension of the idiom noted in §, 54; lit. since he was not (with) number
of battle for giving, líon representing O. Ir. nom. of apposition or dat. of
accompaniment. líon is not the predicate, (for a tá cannot take a noun
as a predicate) any more than the acc. of extent is the predicate in "do
blíadar bí bliadlana ann"

In O. Ir. the dat. of accompaniment is more usual: táinig dib cetaibh
long, he came with two hundred slaves.

hiongantas adhbhal-mhór an t-ordughadh soin do chuireadar Dál 75 gCais orra féin.

Ó'd-chonnadar Laighin 7 Osraighe an meisneach mór-adhbhal soin ag éirge i nDál gCais, do ghabh gráin 7 eagla iad rompa, 7 is eadh adubhradar:—

person Ní triall teithidh, ní sgaoileadh ná sgannradh fhóbraid Dál 80 gCais do dhéanamh, acht cath dlúith daingean do dhéanamh

M. F. n. dhíobh féin. Ar an adhbhar soin ní thiubhram-ne cath dhóibh. Óir is coimhdheas ré bás nó ré beathaidh d'fhulang iad.

really ready. Adubhairt Mac Giolla Phádraig—Is tláith dhaoibh-se sin do rádh, óir atáthaoi líon a n-ítte súd, dámadh biadh ollamh iad.

Pen. *of the* *what advantage it has it the other.* Is fíor sin, ar siadh, 7 gidh fíor, ní muirbhfidhear aon-duine dhíobh súd gan cúgear nó seisear do thuitim leis. Agus gá feirrede dhúinne ar gcommarbhadh riú?

ready. *tant.* Ó nach áil libh cath do thabhairt dóibh, ar Mac Giolla Phádraig, déanaidh tóraidheacht orra. Óir atáid súd troim-chréachtach, 7 ní 90 fhéadfaid iomruagadh ribh-se.

Do-rónadh amhlaidh sin leó, 7 fá measa ré Dál gCais sin ioná cath do thabhairt dóibh. Triallaid iomorra Dál gCais dá ndúthaigh féin go heasbadhach éagcruaidh, 7 ní ráinig don bhaile i n-aoinfheacht ré mac Briain díobh acht ocht gcéad go leith, óir do 95 chaillsead céad go leith san iomruagadh soin ag Osraighibh, ar locadh catha orra.

Heath Hojha, the southern half of Ireland.

30. DIARMAID NA NGALL

Northern *parts of* *Ireland* Do ghabh Ruaidhrí Ó Conchubhair ceannas Connacht 7 urmhoir Leithe Cuinn, do bhrígh gur ghiall rí Oirghiall, rí Midhe 7 rí Breifne dhó, 7 fós gairmthear rí Éireann uile dhe san Seanchas. Gidh éadh, ní raibhe acht rí go bhfreasabhra ann, mar atá rí agá raibhe mórán d'uaislibh Éireann ag cor 'na aghaidh íá fhlaithneas nÉireann do bheith 'na sheilbh. Agus is ré linn Ruaidhrí Uí Chonchubhair do bheith i gceannas mar sin do chuir bean Tighearnáin Chaoich Uí Ruairc (Dearbhorgaill fá hainm dhi, 7 fá hinghean do Mhurchadh

now counties of Leitrim & Cavan.
** with opposition*
** eclipses is neg.*
5 flaitheas is acc. after fá = earlier un.

** stressed on 2nd syll. is really 2 words, either Dearbh Florgaill, 'own (daughter) of Fergall' (cf. dearbhulbh) náttair, deirbhshlior), or Dear bh Florgaill, from an eclipsing Dear (neut. or acc?) said to mean daughter. As it is uncertain to which word the bh belongs, the second alliterates in verb either with a vowel or b. In Mid. Ir. gen deirbe Fergaill occurs. later usually stressed Dearbh (as in its declension).*

mhac Floinn, rí Midhe í, 7 nocharbh í bean ríogh Midhe í, amhail
 10 adeir *Cambrens*) teachta ós íseal go Diarmaid Mhac Murchadha,
 agá iarraidh air teacht 'na coinne féin, dá breith leis ó Thighearnán
 mar mhnaoi dhó féin. Agus adubhairt ris na teachtaibh a nochtadh
 do Dhairmaid go ndeachaidh Tighearnán ar turus go huaimh
 Purgadóra Pádraig, 7 mar sin go bhfuighbheadh seisean uain
 15 7 uaigneas ar í féin do bhreith leis i Laighnibh. Do bhí iomorra
 *cumann mímhéine eatorra ré cian do bhliadhnaibh roimhe sin.

Dála Dhiarmada, ar rochtain na sgéal soin chuige, triallais go
 ✓ héasgaidh d'fhios na mná go sluagh-bhuidhin mharcach 'na fhochair,
 7 ar rochtain mar a raibhe an bhean dó, tug fá-deara a tóghbáil
 20 ar cúlaibh marcaigh, 7 leis sin guillis 7 sgreadais an bhean go
 cealgach, *mar gurab ar éigin do bhéaradh Diarmaid leis í; 7 tillis
 lé mar sin go Laighnibh tar ais.

Iomthúsa Thighearnáin, iar dtoidheacht tar ais don Bhréifne
 dhó, 7 iarna chlos gurab dá haimhdheóin rugadh a bhean uaidh,
 25 éagcaoinis an ainbheart soin ré Ruaidhrí Ó Conchubhair 7 réna
 chairdibh ar-cheana. * *to the rest of his friends*

Cuiris Ruaidhrí leis sin cruinniughadh ar fhearaibh Chonnacht,
 Bhréifne, Oirghiall, 7 Mhíche, 7 triallais do lot Laighean go sluagh
 líonmhar maille ris, i ndíol an mhíghníomha sin do-rinne Diarmaid.
 30 Arna chlos do Dhiarmaid Ruaidhrí do bheith ag teacht do lot
 Laighean, cuiris cruinniughadh 7 coimhthionól ar uaislibh Laighean,
 as gach leith, 7 ar rochtain go haon-láthair dhóibh, dob é a bhfreagra
 ar Dhiarmaid, nach rachdaois *do sheasamh an mhíghníomha
 do-rinne seisean. Agus leis sin do thréigeadar mórán díobh é,
 35 7 do-chuadar ar choimirce Ruaidhrí, 7 nochtaid dó gurab iomdha
 éagcóir 7 aindlighe do-rinne Diarmaid roimhe sin orra.

Mar nach raibhe Diarmaid líon cathuighthe ré Ruaidhrí, tug
 Ruaidhrí ucht ar an mhéid *do ghabh lé Diarmaid do Laighnibh do
 lot, 7 téid roimhe go Fearn, gur thrasgair teach Dhiarmada,
 40 7 gur bhris a dhún, 7 gur dhíbir a hÉirinn uile é. Agus triallais
 Diarmaid gusan dara Henrí, rí Sagsan, do bhí san bhFrainge an
 tráth soin, 7 ar rochtain do láthair an ríogh dhó, fáiltighis an rí

*to meet her

at rough Deng,
co. Donegal.*an illicit
attachment.*as if Diarmaid
were carrying her
off by force.

Complain

*to defend

*that sided with
Fergus, Co.
Wexford.
expect, various*to the
city

*outrage

*over the
town down

30. DIARMAID NA NGALL

65 *friendship, alliance*

roimhe, 7 do-rinne iomad muinteardhais ris, 7 an tan do nocht fáth a thuruis don rígh, sgríobhais an rí leitreacha cairdeamhla leis i Sagsaibh, mar a dtug cead dá gach aon lérbh fheirde teacht do neartughadh leis i nÉirinn, do bhuaín a chríche féin amach.

also 'leitre' who shd. be willing. win, recover, capture

Ceileabhrais Diarmaid leis sin don rígh, 7 triallais i Sagsaibh, go ráinig *Bristoe*, 7 tug fá-deara a leitre do léaghadh go puiblidhe ann sin, 7 do gheall tairgseana móra don druing do thiocfadh leis do bhuaín a chríche féin amach.

50

Is ann sin tarla Risteadh mhac Gilbeirt, mac iarla Stranguell air, 7 do cheangail connradh ris, mar atá a inghean féin .i. Aoife inghean Diarmada do thabhairt 'na mnaoi dhó, 7 oighreacht Laighean ris an inghin, i ndiaidh a bháis féin, 7 d'fhiachaibh ar Risteadh teacht 'na dhiaidh i nÉirinn, do bhuaín a chríche amach dhó.

compact.

*Richard being bound to come.

Ar gceangal ar na heachtaibh sin dóibh, triallais Diarmaid go Breatain, go prionnsa do bhí ann darbh ainm *Raph Griffin*, do bhí i gceannas na críche fán rígh Henrí, 7 nochtais a dháil dó. Tarla an uair sin duine uasal árrachtach oirbheartach darbh ainm Roibeard mhac Stiabhna i bpríosún ag an bprionnsa soin tré mhíreir an ríogh do dhéanamh, 7 ní raibhe dáil chabhra 'na chionn, acht muna ngabhadh ré ais triall i nÉirinn do thabhairt neirt a láimhe lé Mac Murchadha, ré buain a chríche amach dhó. Agus arna chlos d'easbog San Dáibhídh 7 do Mhuiris mhac Gearailt go dtáinig Mac Murchadha d'fhios an phrionnsa soin ré hiarraidh Roibeird mhic Stiabhna as an mbráighdeanas 'na raibhe, tángadar féin do chor impidhe mar an gcéadna air, fá sgaoileadh do Roibeard 7 fána léigeadh lé Mac Murchadha i nÉirinn. Clann aon-mháthar iomorra an t-easbog soin 7 Roibeard mhac Stiabhna 7 Muiris mhac Gearailt.

*a corruption thro Eng. Rice of Griffin of the Welsh Rhys ab. 1166 & 1167 for disobedience to the king.

65 *David Fitz Scandal.

Léigis thrá an prionnsa Roibeard amach, ar éacht go leanfadh Mac Murchadha i nÉirinn an samhradh ba neasa dhó. Geallais Diarmaid don leith oile Loch Garman 7 an dá thriúcha chéad fá goire dhó mar dhúthaigh dhílis go bráth do Roibeard mhac Stiabhna, 75 tré theacht do chongnamh leis i n-aghaidh a casgearad. Agus i

*their mother was Nest, daughter of Rhys ap Tewdwr, the bishop & flourice being sons of Gerald of Windsor, & Robert, son of Stephen, Countess of Candieu.

*Richard de Clare, Earl of Pembroke & Strigul. Stranguell is, a kinsman of Strigul & his surname Strongbow. He is called iarla o Stranguell in xxxi, 9, 14, 120, o being the English of The Four Masters call him iarla o Strongbow.

or him to take half him

condition stipulation

his case overful

decease of self is. respect of each other's death.

ndiaidh an cheangail sin do dhéanamh, ceileabhrais Diarmaid don druing sin, 7 triallais^x taoibh ré beagán buidhne go hÉirinn. Ar rochtain i dtír dhó, mar a raibhe iomad easgcarad 7 teirce carad aige, tig ós íseal go Fearná Mhóir Mhaodhóg, ar dhéan cleire 7^x coimhthionóil Fearná, 7 do bhí go dubhach dearóil 'na bhfochair feadh na haimsire sin go teacht don tsamhradh.

31. GABHÁLTAS GALL

DÁLA Roibeird mheic Stiabhna; táinig do chomhall a gheallaidh do Mhac Murchadha, 7 is é líon sluaigh tháinig leis i nÉirinn, tríochad ridire, 7 trí fichid sguibhéir 7 trí chéad troightheach, 7^x is é áit ar ghabhadar tír, i gCuan an Bhainbh, i n-imeall Chonntae Locha Garman theas, san áit ré ráitítear *Baganbon*, 7 fá hí aois an Tighearna an tan soin 1170, 7 an seachtmhadh bliadhain do fhlaithreas Ruaidhrí Uí Chonchubhair. Do bhí fós ridire prinnsio-pálta i bhfochair Roibeird mheic Stiabhna an tan soin, mar atá *Herimont Morti*, ridire do mhuintir iarla ó Stranguell, do chuir roimhe i nÉirinn do mbeas na tíre, 7 ar rochtain i dtír dhóibh ann sin, cuiris Roibeard sgéala go Diarmaid, dá nochtadh dhó é féin do theacht i nÉirinn.

Arna chlos sin do Dhiarmaid, do ghabh lúthgháir é, 7 téid chúig céad laoch 'na gcoinne, 7 ar rochtain i gcomhdháil a chéile dhóibh, triallaid d'aon-chomhairle d'ionnsaighe Locha Garman, dá bhuaibh amach, 7 ar dtoidheacht i ngar don bhaile dhóibh, is í comhairle ar ar cinneadh leis na buirgéisibh, gialladh do Dhiarmaid, 7 ceathrar - d'uaislibh an bhaile do thabhairt i ngioll ré comhall síodha dhó, - 7 ré díol cíosa 7 cánachais, 7 ré bheith umhal mar thighearna dhó.

v. 27, l. 116 n. 20 Is ann sin iomorra do bhronn Diarmaid Loch Garman 7 an dá thriúcha chéad dob fhoigse dhó do Roibeard mhac Stiabhna, 7 do bhronn an dá thriúcha chéad dob fhoigse dhóibh sin arís do *Herimont Morti*, do réir an gheallaimh tug dhóibh i mBreatain. Agus iar gcoimhlfionadh an gheallaimh sin, do chuir Diarmaid cruinn-

* with only
of I, 13 é taoibh
ní do silleoid,
lead no other
child?; taoibh
ní, depending
on him
confined to him
in the matter of offerings

cf. XII, 42 7 rug buidheachas ré bia bheith taoibh nis an mbradán an oidhe sin.

v. 20, 2.
* committed
mean,
miserable

* v. xiii

v. 27, l. 116 n.

v. 11, l. 26 n.

iughadh ar a mhuintir féin 7 ar na Gallaibh go haon-láthair 25
 7 is é líon sluagh do bhádar ann, trí mhíle fear idir Ghaoidheal v. 2, l. 68. n.
 7 Ghall, 7 triallaid d'éin-mhéin as sin d'argain 7 do chreachadh -
 Osraighe. Agus is é fá rí ar Osraigibh an tan soin, Donnchadh
 mhac Domhnaill Reamhair, biodhbha bhunaidh do Dhiarmaid, -
 7 mar rángadar do lot Osraighe, 7 gan cosnamh ag Donnchadh 30
 air féin, is í comhairle ar ar chinn féin 7 maithe a dhúithche, géill
 do thabhairt dó ré díol air-d-chíosa ris, 7 is mar sin do coisgeadh v. 23, l. 180 n.
 Diarmaid ó lot na críche.

Mar do-chualadar thrá uaisle Éireann toidheacht Diarmada 7
 na nGall soin, 7 gach áitheas dár éirigh leó, do-chuadar do chinneadh 35
 chomhairle ré Ruaidhrí Ó gConchubhair, rí Connacht, do ghabh -
 barántas Éireann ré ais an tráth soin, 7 is eadh do commóradh leó,
 congnamh sluaigh do thabhairt as gach cóigeadh i nÉirinn dó,
 7 ar gcuinniughadh na sluagh soin ar aon-láthair, triallais Ruaidhrí
 leó go hUíbh gCinnsealaigh, i ndóigh ré tafann Diarmada 7 na 40
 nGall a hÉirinn. Agus mar ráinig Ruaidhrí go Laighnibh, do-
 chuaidh Diarmaid, 7 na Gaill, 7 an mhéid do lean do Laighnibh é,
 i gcoilltibh daingne diamhaire láimh ré Fearná Mhóir Mhaodhóg,
 dá ndéan féin ar antrom shluagh Ruaidhrí. Mar do-chonnaire ✓
 iomorra Ruaidhrí nach rabhadar ar tí catha do fhreastal dó, do 45
 chuir teachta go Roibeard mhac Stiabhna, 'gá iarraidh air an tír
 d'fhágbháil, 7 nach raibhe ceart ná dúthchas aige ar bheith innte. x. j. xvii
 Adubhairt Roibeard, ag freagra dona teachtaibh, nach tréigfeadh
 an tighearna lé a dtáinig i nÉirinn. Fillid na teachta leis na
 sgéalaibh sin go Ruaidhrí, 7 arna gclos dó, 7 fós arna chlos dó 50
 nach tréigfeadh Mac Murchadha na Gaill ar aon-chor, do chuir
 roimhe lingeadh líon sluaigh 7 sochaidhe ar Dhiarmaid 7 ar na
 Gallaibh do bhí 'na fhochair, dá milleadh 7 dá míochórughadh.

Mar do-chonncadar cliar Laighean an chríoch i mbaoghal a
 millte 7 a míochóirighthe ón spairn sin, do-níd dícheall ar shíoth 55
 do tharraing idir Ruaidhrí 7 Diarmaid. Agus is amhlaidh do
 críochnuigheadh an tsíoth sin eatorra, cóigeadh Laighean do
 léigeadh do Dhiarmaid amháil fá dúthchas dhó, 7 d'fhiachaibh air

umhlacht 7 díslacht do bheith aige do Ruaidhrí, amhail fá dual
60 dá gach rígh dá mbíodh ar Laighnibh do dhéanamh do ríoghaibh
Éireann; 7 i ngioll ré comhall na síothchána sin, tug Diarmaid
mac dhó féin, darbh ainm Art, 'na ghiall do Ruaidhrí. Do gheall
fós Ruaidhrí a shiúr féin do thabhairt 'na mnaoi do Dhiarmaid,
7 ar na heachtaibh sin do sgarsad go síodhach ré chéile, acht
65 amháin gur gheall Diarmaid do Ruaidhrí gan ní budh mó dona
Gallaibh do thabhairt i nÉirinn.

Agus go grod dá éis sin táinig Muiris mhac Gearailt i dtús an
tsamhraidh go hÉirinn, do réir an gheallaimh tug do Mhac Mur-
-chadha, 7 fós do chionn na cumha do gheall Mac Murchadha dhó
70 féin 7 do Roibeard mhac Stiabhna an foghmhar roimhe sin, tré
theacht do chongnamh leis i nÉirinn do bhuaibh a chríche féin
amach. Agus is é líon sluaigh tháinig Muiris i nÉirinn an tan soin,
-deichneabhar ridireadh, tríochad sguibhéir, 7 eéad troightheach,
7 is é ionad ar ghabhadar cuan, ag Loch Garman.

75 Arna chlos do Mhac Murchadha 7 do Roibeard mhac Stiabhna
Muiris do thoidheacht i nÉirinn, do-chuadar 'na choinne go Loch
Garman, 7 is ann sin do chuimhnigh Mac Murchadha ar gach
